

**Ráiteas Náisiúnta maidir leis an Aontas Eorpach**  
*Rannchuidiú na hÉireann le*  
*Clár Oibre Straitéiseach an Aontais Eorpaigh 2019 – 2024*

**Réamhrá**

Leagann an Chomhairle Eorpach síos treo polaitiúil foriomlán an Aontais Eorpaigh. In 2014, ghlac sí **Clár Oibre Straitéiseach** seacht leathanach inar aithníodh cúig thosaíocht uileghabhálacha chun obair an Aontais a stiúradh go dtí 2019:

- geilleagair neartaithe le breis post;
- sochaithe ag a bhfuil cumas cumhachtaithe agus cosanta;
- todhchaí shlán fuinnimh agus aeráide;
- limistéar iontaofa saoirsí bunúsacha; agus
- gníomhaíocht chomhpháirteach éifeachtach sa domhan.

Cé gur cuireadh cuid mhór i gcéim chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá dúshlán nua roimh an Aontas, idir dhomhanda agus intíre, cuid acu nach raibh air dul i ngleic leo riamh roimhe seo. Gheall na ceannairí go n-éistfidís le hábhair inní na saoránach, agus go dtabharfaidís freagra orthu, agus Clár Oibre Straitéiseach nua á ullmhú acu do 2019–2024.

Glacfaidh an Chomhairle Eorpach an Clár Oibre Straitéiseach i mí an Mheithimh 2019 tar éis plé neamhfhoirmiúil in Sibiu na Rómáine, ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine. Ceapfar Uachtarán nua an Choimisiúin Eorpaigh agus Uachtarán nua na Comhairle Eorpaí amach sa bhliain, agus beidh ról lárnacha acu chun an Clár Oibre Straitéiseach a chur chun feidhme, agus iad ag obair i gcomhar leis an gcéad Pharlaimint eile de chuid na hEorpa, ach beidh freagracht mhór ar na Ballstáit ina n-aonar nó i dteannta a chéile as sin freisin.

A bhuí leis an Ráiteas Náisiúnta seo, cuirfear bonn eolais faoin méid a chuirfidh an Taoiseach leis an bplé neamhfhoirmiúil in Sibiu agus lenár dtosaíochtaí le haghaidh an Chláir Oibre Straitéisigh nua.

Tugtar an-tacaíocht don Aontas in Éirinn fós agus d'aontaigh 92% de na daoine a ndearna Gluaiseacht na hEorpa - Éire/Red C suirbhé orthu anuraidh gur cheart d'Éirinn leanúint de bheith ina ball den Aontas. Ach ní féidir talamh slán a dhéanamh de sin.

Tá an Breatimeacht i réim sa phlé in Éirinn agus i bhfeasacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach le blianta beaga anuas, ní nach ionadh. Mar sin féin, cé go bhfuil Éire dírithe go mór ar an mBreatimeacht, níor cheart na ceisteanna iomadúla eile atá ar chlár oibre na hEorpa a chur in aimhréidhe – ceisteanna atá níos tábhachtaí ná an Breatimeacht dár gcomhpháirtithe go minic. Bhí sé ar cheann de phríomhchuspóirí an Rialtais i rith phróiseas an Bhreatimeachta ár n-áit a choinneáil i gcroílár na hEorpa agus rannchuidiú go dearfach le todhchaí na hEorpa. Thapaíomar gach deis lena chur in iúl go soiléir gurb é an tAontas Eorpach atá i ndán d'Éirinn. Tá an-tuiscint, agus meas, ag ár gcomhpháirtithe air sin.

Ionas go bhféadfar an Clár Oibre Straitéiseach nua a mhúnlú, tá gá le díospóireacht eolach intíre faoi na comhréitigh agus faoi na roghanna a bhféadfadh a theastóidh faoin réimse leathan dúshlán, ar dúshlán iomaíocha iad go minic, atá roimh Aontas 27 Ballstát.

Sheol an Taoiseach, Leo Varadkar TD, i dteannta an Tánaiste agus an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney TD, agus an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, Helen McEntee TD, sraith **Comhphléití leis na Saoránaigh maidir le todhchaí na hEorpa** i mí na Samhna 2017. Tar éis éisteacht le tuairimí na saoránach agus iad a roinnt leis an gComhairle Eorpach, tá an ráiteas seo maidir le tosaíochtaí na hÉireann á fhoilsiú ag an Rialtas anois lena áireamh sa chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile.

I rith na gComhphléití leis na Saoránaigh, d'inis daoine dúinn gur mian leo a bheith mar chuid d'Aontas a leanfaidh leis an méid a dhéanann sé go maith cheana féin, ach atá ullamh freisin chun dul i ngleic leis na dúshlán nua iomadúla arbh fhearr go mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu le chéile. Thar aon ní eile, d'inis siad dúinn gur mian leo a bheith mar chuid d'Aontas cothrom.

Foilsíodh *Tuarascáil Insinte maidir leis na Comhphléití leis na Saoránaigh* i mí Dheireadh Fómhair 2018, a chabhraigh le bonn eolais a chur faoi ullmhú an Ráitis seo.

Leagamar an Ráiteas Náisiúnta seo amach de réir na gceisteanna a cuireadh le linn na gComhphléití leis na Saoránaigh, mar atá, conas is féidir aontas a thógáil atá:

- rathúil agus iomaíoch;
- sábháilte, síochánta agus slán;
- inbhuanaithe;
- freagrach go sóisialta; agus
- ullamh don todhchaí.

Is iad aidhmeanna bunúsacha an Aontais an tsíocháin a choinneáil san Eoraip, an rathúnas agus an dul chun cinn sóisialta a fhorbairt trí oibriú le chéile, agus ár **luachanna bunúsacha** a chur chun cinn sa bhaile agus ar fud an domhain: an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an ceartas, an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine. Tá na Conarthaí bunaithe ar an mian an dlúthpháirtíocht a dhoimhniú idir na Ballstáit agus a stair, a gcultúr agus a dtraidisiúin á n-urramú. Spreag an tábhacht stairiúil a bhain le deireadh a chur le deighilt ar mhór-roinn na hEorpa na daoine a bhunaigh é sa tréimhse iarchogaidh, agus bhí ról tábhachtach ag an Aontas Eorpach chun an tsíocháin a dhaingniú agus tacú le **hathmhuintearas ar oileán na hÉireann**.

Léiríodh ábhair inní le linn na gComhphléití leis na Saoránaigh faoi ídiú an **smachta reachta** i roinnt Ballstát. Cumhdaítear ár luachanna sna Conarthaí agus tá ceangal ar gach Ballstát iad a urramú. Tosaíocht de chuid na hÉireann is ea é oibriú lenár gcomhpháirtithe

chun a áirithiú go gcloítear leis na luachanna sin, agus go n-urramaítear iad, trí fhorálacha atá ann cheana, nó más iomchuí, sásraí nua, a chur i bhfeidhm.

In Éirinn, bhaineamar tairbhe mhór shóisialta agus eacnamaíoch as an Margadh Aonair; as ról an Aontais mar phríomhbhloc trádála an domhain; as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta/as an mBeartas Comhtháthaithe; agus as an gComhbheartas Talmhaíochta. Ach **níor cheart tairbhí na ballraíochta a mheas i dtéarmaí idirbheartaíochta amháin.** Is minic gur doiligh roinnt de na tairbhí sóisialta is tábhachtaí a thomhas, ar nós cearta comhionanna do mhná agus d'fhir, cosaint mhéadaithe an chomhshaoil agus cosaint fheabhsaithe tomhaltóirí. Ina theannta sin, chuir an tAontas lenár gcaidrimh le tíortha Eorpacha eile agus leanann sé d'fheabhas a chur ar an gcumas atá ionainn ár luachanna a chur chun cinn agus ár leasanna a chur ar aghaidh ar an ardán domhanda.

Is léir gur cheart don Aontas Eorpach leanúint leis an méid a dhéanann sé go maith faoi láthair. Ba cheart dó díriú ar na dúshláin nua mhóra atá roimh an Eoraip agus roimh na saoránaigh, agus, más iomchuí, ba cheart dó cumhachtaí a chineadh athuair do na Ballstáit, do na bardais agus do na réigiúin. Ní mór dó leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit agus leis na hionadaithe tofa chun **teagmháil fheabhsaithe a dhéanamh leis na saoránaigh.**

Tugadh “*Clár Oibre Straitéiseach don Aontas i dTráth seo an Athruithe*” ar an doiciméad a glacadh in 2014. Tharla go leor forbairtí ó shin i leith: glacadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; an ghéarchéim imirce; an Breatimeacht; teacht chun cinn an phobalachais i gcuid mhór Ballstát; agus dúshláin ó lasmuigh den Aontas do luachanna agus leasanna an Aontais agus don ord idirnáisiúnta iltaobhach atá bunaithe ar rialacha ar cuid bhunúsach den Aontas é. Ní mór aghaidh a thabhairt orthu siúd sa Chlár Oibre Straitéiseach nua agus ar an méid sa cheann deiridh nár críochnaíodh, go háirithe cur i gcrích an Mhargaidh Aonair agus an tábhacht leanúnach a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Ionas go bhféadfaidh an Eoraip a huailmhianta a bhaint amach agus oibriú do na saoránaigh ar fad, aithníonn Éire go n-éilíonn sí cláir dhea-fheidhmiúla atá cistithe go cuí chun an caiteachas náisiúnta a chomhlánú agus luach a chur leis sin. Dá bhrí sin, oibreoidh an Rialtas chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh sa chéad **Chreat Airgeadais Ilbhliantúil** eile ar dhúshláin an Aontais, ar dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn iad, mar atá, an imirce neamhrialáilte, an tslándáil, an t-athrú aeráide a chomhrac, agus an clár oibre digiteach agus oibreoidh sé chun a áirithiú go leanfar de thacaíocht a thabhairt do bheartais thraidisiúnta a bhí i gcroílár an Aontais riamh, mar atá, an Comhbheartas Talmhaíochta agus an Beartas Comhtháthaithe. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, cumasaítear agus éascaítear ár dtosaíochtaí agus tá Éire, atá ina ranníocóir glan le blianta beaga anuas, ní hamháin mar gheall ar an bhfás láidir atá tagtha ar an ngeilleagar, toilteanach níos mó a íoc i mBuiséad an Aontais – ach ní mór go gcuirfeadh aon acmhainn bhreise breisluach Eorpach ar fáil trína díriú ar bheartais atá ina rannchuidiú leis an idéal Eorpach agus leis an tionscadal Eorpach a chur ar aghaidh.

De réir mar a oibrímid chun na spriocanna atá le leagan amach sa Chlár Oibre Straitéiseach a bhaint amach, leanfaidh Éire de rannpháirteachas iomlán in institiúidí an Aontais ar gach leibhéal. Cuirfidimid tuilleadh feabhsuithe ar chaighdeán an cheaptha beartas agus ar éifeachtacht an chomhordaithe uile-Rialtais. Leanfar de neart acmhainní a chur ar fáil dár mBuanionadaíocht atá an-éifeachtach sa Bhruiséil.

Bhí tábhacht riamh d'Éirinn le dlúthobair a dhéanamh leis na comhpháirtithe. Agus muid ag ullmhú d'Aontas gan an Ríocht Aontaithe, tá ár **gcomhpháirtíochtaí** á n-athchalabhrú agus á neartú againn. Níl amhras ar bith ach go bhfuilimid ar an mBallstát is lú a bhfuil Ambasáidí againn i ngach príomhchathair eile de chuid an Aontais. I réimsí beartas éagsúil, tá na cineálacha cur chuige céanna againn agus atá ag cuid mhór díobh, go háirithe na Ballstáit Nordacha Bhaltacha agus an Ísiltír. Leanfaimid de thús áite a thabhairt do theagmháil a dhéanamh leis na tíortha sin i réimsí leasa choitinn. Mar sin féin, mar a léirítear in *“Éire Dhomhanda – Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025”* a foilsíodh in 2018, oibreoimid chun ár gcaidrimh lenár gcomhpháirtithe uile de chuid an Aontais a neartú agus a éagsúlú freisin. Mar chuid de sin, cuirfear chun feidhme na moltaí atá in *“Infheictheacht na hÉireann sa Ghearmáin: Lorg Níos Leithne agus Níos Doimhne”*, athbhreithniú cuimsitheach an Rialtais ar an gcaidreamh leis an nGearmáin, mar aon leis na moltaí a éiríonn as an athbhreithniú cuimsitheach ar ár gcaidreamh leis an bhFrainc a bheidh ar fáil go luath.

### **Aontas rathúil agus iomaíoch;**

Le linn na gComhphléití leis na Saoránaigh, d'fhiafraíomar de na rannpháirtithe cén chaoi ar féidir linn margadh cóir agus iomaíoch a bhaint amach dár ngnólachtaí, a chruthaíonn poist agus a fheabhsaíonn caighdeáin mhaireachtála, fad agus a leantar de thomhaltóirí a chosaint.

Tá coinne ag saoránaigh na hEorpa leis go gcuideoidh an tAontas le cruthú post agus le fás eacnamaíoch a spreagadh – tá clú agus cáil ar an Aontas as sin agus tá sé riachtanach go mbainfear an méid sin amach chun tacaíocht don Aontas a choinneáil. Sa tréimhse deich mbliana ón ngéarchéim airgeadais i leith, spreagadh go leor Ballstát de réir a chéile le muinín a bheith acu as éifeachtacht an Aontais sa réimse sin, agus gealltanais athnuaithe don ghné shóisialta mar bhonn faoi sin go pointe áirithe. Mar sin féin, ní féidir talamh slán a dhéanamh den mhuinín éiginnte sin. Ar cheann de na príomhdhúshláin straitéiseacha a bheidh roimh an Aontas tá a áirithiú gur féidir leis freagairt éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha a bheidh ann as seo go ceann cúig bliana.

Maidir le hÉirinn, ní mór go mbeadh Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta athléimneach againn; ní mór go mbeadh Margadh Aonair againn atá níos comhtháite ná mar atá faoi láthair, go háirithe ó thaobh seirbhísí de; ní mór go mbeadh Aontas againn a bhfuil na huirlisí aige chun tairbhe a bhaint as na deiseanna agus chun na rioscaí a bhaineann le bainistiú an chéad chlaochlaithe dhigitigh mhóir eile; ní mór go mbeadh beartas trádála againn atá i gcoinne na caomhnaitheachta agus ina thaca leis an léirscaoileadh agus le deiseanna; agus ní mór go mbeadh beartais eacnamaíocha agus airgeadais againn a bhfuil freagracht shóisialta ag baint leo agus a bhfuil an saoránach ina gcroílár.

Tá an **Margadh Aonair** ar cheann de na héachtaí is mó de chuid na hEorpa agus ní mór dúinn cur leis as seo go ceann cúig bliana chun Margadh Aonair atá in oiriúint don ré dhigiteach a chur i gcrích. Beidh ar an Aontas a bheith cinntitheach agus straitéiseach agus na deiseanna a chruthaítear trí ghéarú breise sa chlaochlú digiteach á dtapú agus á mbainistiú aige. Ní mór don Eoraip fiontair de gach méid a éascú chun earraí agus seirbhísí a sholáthar agus a fháil ar líne agus ar mhodhanna traidisiúnta. Ba cheart go mbeadh an beartas digiteach agus an beartas tionsclaíoch a thabhairt le chéile ar bhealach comhordaithe ar an gcéad chéim eile, rud a fhágfaidh go mbeidh an Eoraip in ann gilleagar digiteach eiticíúil iomaíoch, nuálach agus slán a fhorbairt, agus é cumasaithe ag nascacht den chéad scoth.

De réir mar a théann slabhraí breisluacha tionscail go mór i dtuilleamaí seirbhísí, agus mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an tseirbhís earnála ina ceart féin do OTI an Aontais, ba cheart dó sin a bheith ina spreagadh athnuaite chun bacainní rialála le trádáil trasteorann i seirbhísí atá fós ann a bhaint agus tabhairt isteach aon bhacainne nua a chosc. Ba cheart cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm cuí na **Treorach um Sheirbhísí** mar aon le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla a dheimhniú.

Beidh fás sa todhchaí ag brath ar scileanna digiteacha, ar nascacht agus ar shaineolas san intleacht shaorga agus sa róbataic (dhá réimse ina bhfuil an Eoraip fós ag titim chun deiridh) agus sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta. Beidh an **claochlú digiteach** ann trí mheán na teicneolaíochta agus beidh an Eoraip in ann a bheith ina ceannaire domhanda ar an **gClár Oibre Digiteach** a bhúí leis an taighde agus leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí na chéad ghlúine eile. Mar chuid de sin, áireofar beartais agus cistiú don **Intleacht Shaorga** iontaofa a mbainfidh an tsochaí trí chéile tairbhe aisti.

Le hidircheangailteacht bhreise, tabharfar cumhacht do phobail, tacófar le saoránaigh scothaosta maireachtáil go neamhspleách agus cuirfear feabhas ar chaighdeán na beatha trí sheirbhísí poiblí feabhsaithe, mar atá, seirbhísí sláinte agus oideachais pearsantaithe. Chuige sin, beidh gá le rochtain ar nascacht idirlín ardluais shlán chun leas iomlán a bhaint as an ‘tsochaí ghigighiotáin’ agus as teicneolaíochtaí gaolmhara, mar atá, an réaltacht fhíorúil, feithiclí uathrialaitheacha agus an Ceathrú Réabhlóid Thionsclaíoch.

Ach beidh an intleacht shaorga, an t-uathoibriú, an róbataic agus ‘Idirlíon na nEarraí’ ina ndúshláin don tsochaí agus cuirfidh siad isteach ar an margadh saothair. Sa chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile dá bhrí sin, ní mór teacht roimh na forbairtí sin agus tacú leo siúd a bheidh i mbaol de dheasca na n-athruithe sin.

Tá **Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide** ina gcuid lárnach de leas an Aontais agus ní mór don Eoraip leanúint de thimpeallacht ghnó a fhorbairt inar féidir le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide scileanna nua a ghnóthú, margaí nua a rochtain agus tabhairt faoin taighde a fhágfaidh go mbeidh siad iomaíoch. Is é atá i gceist leis sin cur le rath na gclár atá ann cheana agus an tacaíocht airgeadais a rochtain a fhágfaidh go mbeidh siad ina ngnólachtaí lárchaipitlithe agus móra ina bhféadfaidh siad a bheith in iomaíocht sa mhargadh domhanda.

A bhuí leis an **bPacáiste maidir le Rialáil Níos Fearr** in 2015, rinneadh dul chun cinn chun an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú, agus urraim á tabhairt don dualgas cearta saoránach a chosaint. Ba cheart an gealltanas “*Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dTús*” a neartú agus aird ar leith a thabhairt d’éifeachtaí ualaí rialála ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

Is gá go mbeadh **tograí reachtacha a bhaineann le cúrsaí gnó** comhréireach, fianaise-bhunaithe agus oiriúnach don ré dhigiteach, agus ní mór go dtiocfadh tairbhí nithiúla do ghnólachtaí agus do na saoránaigh araon as sin. Ba cheart seiceálacha folláine ar an reachtaíocht reatha a choinneáil agus, nuair atáthar ag féachaint chuige go seasfaidh reachtaíocht nua an aimsir, ba cheart iarracht a thabhairt ar a áirithiú nach gcuirfear bac leis an nuálaíocht ná leis an digitiú dá dheasca sin. Mar shampla, leanfaimid den chás a dhéanamh ar son bonn cirt gnó docht do thionscnaimh ar nós Seirbhísí Ríomh-shainaitheantais, Fíordheimhnithe agus Iontaoibhe agus na Tairsí Aonair Digití.

Is fearr is féidir leasanna eacnamaíocha na hÉireann a chur ar aghaidh i ngeilleagar láidir seasmhach an limistéir euro. Dá bhrí sin, leanfaidh Éire de thacaíocht a thabhairt d’athchóirithe chun athléimneacht an **Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta** a fheabhsú in aghaidh tuairteanna eacnamaíocha féideartha. Is é is aidhm do na hathchóirithe sin an leochaileacht a laghdú agus cumas geilleagar na tuairteanna sin a iompar agus téarnamh uathu a fheabhsú.

Leanfaidh an **Sásra Cobhsaíochta Eorpach** de ról tábhachtach a bheith aige chun cobhsaíocht a thabhairt don limistéir euro agus, trí ról feabhsaithe a bheith aige, is fearr a bheidh sé ullmhaithe chun dul i ngleic le géarchéimeanna sa todhcháif.

Tá tábhacht ar leith leis an earnáil airgeadais a athchóiriú tríd an Aontas Baincéireachta mar aon le hAontas na Margaí Caipitil a chur i gcrích. D’iarr rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh go neartófaí **an tAontas Baincéireachta**. Is é is aidhm don Aontas Baincéireachta feabhas a chur ar chóras maoirseachta agus ar réitigh bhaincéireachta ar leibhéal an Aontais lena áirithiú go mbeidh bainc an Aontais níos láidre ná mar a bhí agus go ndéanfar breis maoirseachta orthu. Mar chomhlánú ar an Aontas Baincéireachta, tacaíonn **Aontas na Margaí Caipitil** le foinsí eile maoinithe a fhorbairt – lena n-áirítear maoiniú margadhbhunaithe, caipiteal fiontair agus sluachistiú – rud a mheallann infheistíocht eachtrach bhreise isteach san Aontas. Beidh na tionscnaimh sin ina bhfoinse cobhsaíochta agus bainfidh tomhaltóirí, cáiníocóirí agus gnólachtaí Éireannacha tairbhe astu.

Creideann Éire go láidir gur cheart go mbeadh beartais **chánach** cothrom, éifeachtach agus trédhearcach. Leanfaimid de pháirt ghníomhach chuiditheach a ghlacadh i múnlú beartas de chuid an Aontais faoi cheisteanna cánach. Ina theannta sin, oibreoidh Éire lenár gcomhpháirtithe Eorpacha, agus leis an bpobal idirnáisiúnta trí chéile, faoi chuimsiú na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chánach a thagann as digitiú an gheilleagair. Mar phríomhuirlis chun tacú le

hinfheistíocht agus le cruthú post, ba cheart do na cúrsaí cánach sin nach dtagann faoi chúram an Aontais leanúint de bheith ina n-inniúlachtaí náisiúnta, mar a mhol roinnt rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh. Leanfaimid d'aontoilíocht a chosaint go láidir i gcinnteoireacht an Aontais faoin gcáin.

Is léiriú nithiúil é an **Beartas Comhtháthaithe** ar an dlúthpháirtíocht Eorpach, rud a áirithíonn go ndéanfar na tairbhí a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe a roinnt go cothrom agus gur féidir leo siúd i réigiúin bheagfhorbartha barr a gcumais eacnamaíoch a bhaint amach faoi mar a rinne Éire. Is den tábhacht go bhfuil an Beartas Comhtháthaithe chomh solúbtha, chomh comhréireach agus chomh simplí agus is féidir.

Is den tábhacht go leanann na Cistí Comhtháthaithe de ról a bheith acu chun tacú le cláir ar fud gach réigiúin san Aontas arb é is cuspóir dóibh a áirithiú go mbeidh an Eoraip níos cliste, níos glaise, níos nasctha, níos sóisialta agus níos dlúithe leis na saoránaigh ná mar a bhí riamh.

Is díol mór sásaimh dúinn an togra nua de chuid an Choimisiúin **PEACE PLUS** trína leanfar d'obair an chláir PEACE agus an chláir IINTERREG reatha. Tá na cláir sin agus an clár comharba mar chuid lárnach de thiomantas leanúnach an Aontais Eorpaigh i leith chothú na síochána, an athmhuintearais agus na forbartha eacnamaíche feadh na teorann.

Ba cheart go mbeadh an **Comhar Críche Eorpach** ina ghné shuntasach den Bheartas Comhtháthaithe i ndiaidh 2020, rud a chuirfidh deiseanna dlúthchomhair ar fáil le réigiúin eile de chuid an Aontais agus le tríú tíortha.

Is geilleagar oscailte, fíorfhorbartha agus dea-nasctha í Éire atá ag brath ar thrádáil agus ar infheistíocht idirnáisiúnta don fhás inbhuanaithe. Táimid fós tiomanta d'obair a dhéanamh leis an Aontas ar son córas trádála rialacha-bhunaithe iltaobhach, atá dírithe ar an Eagraíocht Trádála Dhomhanda. Ba cheart tús áite a thabhairt do thacú le **léirscaoileadh trádála** chun margaí nua a oscailt dár bhfiontair, idir infheistíocht dhúchasach agus Infheistíocht Dhíreach Eachtrach. Dá bhrí sin, ní mór dúinn dul i ngleic le bagairt na caomhnaitheachta, agus tacaíocht á tabhairt ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach d'earnálacha agus d'oibrithe atá nochtá.

Mar gheall ar an margadh intíre beag dár gcuid, baineann Éire tairbhe mhór as an Margadh Aonair agus as na **Comhaontuithe Saorthrádála** a ndearnadh iad a chaibidliú leis an Aontas. Tá an tsraith Comhaontuithe Saorthrádála de chuid an Aontais le tríú tíortha ina cuidiú le margaí nua a oscailt, le bacainní a bhriseadh síos agus le deiseanna nua a thabhairt do ghnólachtaí atá bunaithe in Éirinn. Tháinig an Comhaontú um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019, agus cuireadh an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada i bhfeidhm go sealadach ón 21 Meán Fómhair 2017. Tháinig an tAontas

Eorpach agus Meicsiceo ar chomhaontú i bprionsabal maidir le comhaontú trádála nua atá mar chuid de Chomhaontú Domhanda leathan nua-aimseartha idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus Singeapór i bhfeidhm le linn 2019, agus maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam, tá na céimeanna nós imeachta deiridh á gcur i gcrích chun go bhféadfar é a shíniú agus a dhaingniú agus tá an chaibidlíocht le Mercosur fós ar bun. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le haghaidh Comhaontuithe Saorthrádála ar leithligh leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn i mí Iúil 2018 agus é mar aidhm an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích faoi dheireadh 2019. Ar deireadh, tá plé leanúnach ar siúl idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe maidir le raon feidhme na caibidlíochta trádála foirmiúla amach anseo.

Leanfaimid de bheith ag tacú le clár uailmhianach Comhaontuithe Saorthrádála an Aontais, agus tosaíocht á tabhairt do leasanna na hÉireann san am céanna, á áirithiú go mbeidh tairbhe fhrithpháirteach le gach comhaontú agus ag tógáil ar ár mbuntáiste i leith an Aontais chun a n-acmhainneacht iomlán a fhorbairt. Tá cur chuige na hÉireann i leith chaibidlíocht na gcomhaontuithe saorthrádála bunaithe ar an ngá atá le dul chun cinn a dhéanamh i réimsí ina bhfuil leasanna ionsaitheacha againn, agus na réimsí sin ina bhféadfaidh bagairtí teacht chun cinn a chosaint go láidir. Beidh an-tábhacht le Comhaontuithe Saorthrádála chun cuspóirí na hearnála agrairbhia a dtugtar achoimre orthu sa straitéis *Bia Cliste 2025* a bhaint amach, mar shampla.

D'fhás an nascacht **iompair** a bhí le tacaíocht leanúnach an Aontais agus táimid ag tnúth le rannpháirtíocht leanúnach i rith an athbhreithnithe ar an **nGréasán Iompair Tras-Eorpach** agus foirmiú **Saoráide** nua **um Chónascadh na hEorpa**. Níl Éire dírithe ar fhorbairt an bhonneagair agus air sin amháin. Tá an tábhacht chéanna le cur chun feidhme teicneolaíochtaí, caighdeán teicniúil agus beart nua, mar atá, córais faisnéise, sábháilteacht ar bhóithre agus scéimeanna cothabhála, agus táimid tiomanta d'oibriú leis an Aontas Eorpach ar **theicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe agus nuálacha** nua a fhorbairt agus a rolladh amach.

Is díol sásaimh dúinn an dul chun cinn a rinneadh chun ár **naisc mhuirí** a fheabhsú agus nascacht a choinneáil leis na Ballstáit eile. Tá tábhacht ar leith leis sin mar gheall ar nádúr imeallach na hÉireann go geografach, agus mar gheall ar an dúshlán méadaitheach a bheidh ann dá dheasca tar éis an Bhreitheamh.

Is chun leas na hÉireann agus na hEorpa trí chéile é go mbeadh an caidreamh is dlúithe agus is féidir idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa todhchaí. Beidh caibidlíocht an chaidrimh sin sa todhchaí ina ghné thábhachtach as seo go ceann roinnt blianta. Sa Dearbhú Polaitiúil maidir leis an **gCaidreamh sa Todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe**, leagtar amach creat le haghaidh comhpháirtíocht dhomhain agus chuimsitheach ar fud raon leathan réimsí a bhfuil tábhacht leo i gcás na hÉireann. Ba cheart go mbeadh an chomhpháirtíocht sin, lena n-áirítear i ndáil leis an trádáil agus leis an gcomhar eacnamaíoch, níos doimhne agus níos uailmhianaí ná mar atá le haon tríú tír eile agus is díol sásaimh dúinn an meon oscailte i gclár de chuid an Aontais i leith rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i réimsí ar nós na heolaíochta agus na nuálaíochta, agus an chultúr agus an oideachais. Mar



sin féin, tá sé ríthábhachtach go gcosnófar Margadh Aonair an Aontais ina iomláine ar mhaithe lenár leasanna eacnamaíocha. Ina theannta sin, déanfaidh an Rialtas cás láidir gur gá d'aon chomhaontú príomhearnálacha gheilleagar na hÉireann a chosaint mar gheall ar na cúinsí uathúla ar oileán na hÉireann agus i bhfianaise thábhacht ár gcaidrimh eacnamaíoch leis an Ríocht Aontaithe.

### **Aontas ina gcoinnítear an tsíocháin agus atá sábháilte agus slán**

Fiafraíodh de na rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh cén chaoi is fearr ar féidir linn oibriú lenár gcomhpháirtithe Eorpacha chun an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht a chothabháil. Dúirt siad gur cur chuige eiticíúil atá bunaithe ar luachanna atá uathu agus go gcreideann siad gur réimse é seo ina bhfuil an tAontas láidir agus gur cheart dó labhairt d'aon ghuth, mar a oibrímid le chéile ar son domhan slán, cóir agus cothrom.

Creideann Éire go láidir go bhfuil ról níos tábhachtaí fós ag an Aontas i gcomhthéacs dúshlánach an lae inniu chun an chobhsaíocht a chothú (lena n-áirítear réiteach coinbhleachtaí, cothú na síochána agus cosc coinbhleachtaí), an rathúnas a chur ar aghaidh (ina cháil mar an bloc trádála is mó ar domhan), agus an t-iltaobhachas a chur chun cinn agus rialacha agus noirm idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm – lena n-áirítear caighdeáin chearta an duine, agus an combhionannas inscne a shaothrú. Mar chuid lárnach de sin, ní mór comhtháthú éifeachtach a áirithiú idir beartais inmheánacha an Aontais agus a ghníomhaíocht sheachtrach, lena n-áirítear i dtaca leis an gcomhar forbartha.

Ní mór go mbeadh beartas eachtrach éifeachtach ag an Aontas chun a chuid luachanna agus leasanna a chur chun cinn i gceart agus is díol sásaimh d'Éirinn é cur chun feidhme **Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála**, rud a chuireann faoi chúram an Aontais an tsíocháin, an rathúnas, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn. Sa Straitéis, a foilsíodh in 2016, tugtar an creat do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais faoin **gComhbheartas Eachtrach agus Slándála**.

Méadaítear éifeacht agus tionchar an Aontais agus na hÉireann ar fud an domhain nuair a labhraímid d'aon ghuth, agus tá seasamh an Aontais níos inchreidte agus níos inbhuanaithe nuair atá tacaíocht na mBallstát uile mar bhonn aige sin. Dá réir sin, leanfaidh Éire de bheith ag obair go dearfach i dtreo seasaimh choiteanna de chuid an Aontais a chomhaontú i leith ceisteanna faoin mbeartas eachtrach atá i gcomhréir lenár gcuid luachanna agus dearcthaí sainiúla féin i dtaobh an bheartais eachtraigh. Táimid toilteanach bealaí a scrúdú chun éifeachtacht an Chombheartais Eachtraigh agus Slándála a fheabhsú, laistigh de pharaiméadair na gConarthaí.

I bhfianaise thimpeallacht dhúshlánach **chearta an duine** ar fud an domhain, lena n-áirítear an laghdú atá ag teacht ar na deiseanna don tsochaí shibhialta, ní mór don Aontas lárnacht agus tábhacht chearta an duine a athdhearbhú inár gcláir oibre inmheánacha agus sheachtracha araon. Ní mór Ballstáit an Aontais a spreagadh chun a gcuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoi dhlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chomhlíonadh go

hiomlán agus chun beartais agus seasaimh de chuid an Aontais atá ann cheana maidir le cearta an duine a urramú.

Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh an tAontas ar son chearta an duine i bhfórait iltaobhacha agus i ngnáthcheisteanna i dtaca le cearta an duine agus teagmháil á déanamh aige le tríú tíortha, lena n-áirítear nuair atá tacaíocht agus cúnaimh airgeadais á soláthar aige. Mar fhreagra ar dhúshláin leanúnacha, ní mór na Ballstáit a spreagadh chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí coiriúil idirnáisiúnta a chur chun cinn agus chun tacú leis an gceartas agus leis an gcuntasacht.

Spreagfaimid naisc **thrasatlantacha** atá níos doimhne agus níos leithne ar leibhéal an Aontais chun dul i ngleic le príomhdhúshláin dhomhanda agus beidh ról lárnach againn laistigh den Aontas chun tacú le comhphlé cuiditheach leis na Stáit Aontaithe agus Ceanada maidir le dúshláin idirnáisiúnta roinnte. De dheasca na n-athruithe sa tírdhreach geopholaitiúil, ní mór don Aontas Eorpach an teagmháil a dhéanann sé le réigiún an **Aigéin Chiúin agus na hÁise** agus le réigiún **Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib** a dhoimhniú. Ba cheart go mbeadh caidrimh leathana, oscailte agus chuiditheacha ann atá bunaithe ar chothrom iomaíochta ina ngníomhaíonn an tAontas d'aon ghuth chun an t-ord idirnáisiúnta agus an t-iltaobhachas atá bunaithe ar rialacha a chaomhnú. Leanfaidh Éire de ról gníomhach infheicthe a bheith aici chun tacú le réiteach dhá stát ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín.

Tá **próiseas méadaithe inchreidte** do na **Balcáin Thiar** ina phríomhghné de bheartas eachtrach an Aontais. Tacaímid le dearcadh Eorpach na mBalcán Thiar. Rannchuidigh dóchúlacht an aontachais leis an tsíocháin ansin agus tá an pobal fós go mór i bhfabhar aontachais leis an Aontas. Ba cheart go mbeadh an ceart chun aontachais ag na tíortha sin atá réidh chun na critéir riachtanacha a chomhlíonadh, mar atá, an daonlathas a ráthú, an smacht reachta a urramú, meas ar mhionlaigh agus iad a chosaint, geilleagar margaidh feidhmiúil a bheith ann agus an acmhainneacht oibleagáidí na ballraíochta a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní mór dóibh a bheith in ann a léiriú go leanfaidh siad de na critéir agus de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh ar bhealach marthanach do bhréagaithe.

Ina theannta sin, tacaíonn Éire le tionscnamh **Chomhpháirtíocht an Oirthir** a bhfuil an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia, agus an Úcráin bainteach leis. Leis an gComhpháirtíocht cuirtear an tslándáil agus an chobhsaíocht chun cinn sa réigiún mar aon le torthaí nithiúla a bhaint amach a fheabhsaíonn saol na saoránach.

Soláthraíonn an tAontas Eorpach agus na Ballstáit breis agus leath an chúnamh forbartha dhomhanda iomláin i láthair na huair. Is infheisteoirí tábhachtacha iad cuideachtaí Eorpacha sa domhan atá i mbéal forbartha freisin. Tá rannchuidiú comhchoiteann an Aontais Eorpaigh le forbairtí ar ceann de na gnéithe tábhachtacha atá agus a bheidh taobh thiar d'athruithe chun feabhais. Tá ballraíocht na hÉireann san Aontas i gcroílár bheartas idirnáisiúnta an Rialtais *Domhan Níos Fearr*. Tá an-dul chun cinn déanta le 50 bliain anuas chun daoine a thógáil amach as an mbochtaineacht. Mar sin féin, ní dhearnadh dul chun cinn go cothrom ar fud an

domhain. Tá an fhíorbhochtaineacht fós righin in áiteanna áirithe, go háirithe san **Afraic fhó-Shahárach**. Téann na leochaileachtaí sin in olcas de dheasca coinbhleachtaí, thionchar an athraithe aeráide, na himirce éigeantaí agus neamhionannais threisithe. Mar sin féin, tá roinnt deiseanna ann freisin chun na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** a chur ar aghaidh – agus tá ról lárnach ag an Aontas dó sin.

Ar bhonn na Straitéise Domhanda, sa **Chomhdhearcadh Eorpach** nua **maidir leis an bhForbairt, sa Chomhpháirtíocht** athnuaite **idir an tAontas Eorpach agus an Afraic, i mBeartas Comharsanachta na hEorpa**, agus sa chomhpháirtíocht atá ag teacht chun cinn i gcomharba ar **Chomhaontú Cotonou** le Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, ní mór don Aontas agus do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh chun gach gné den fhorbairt idirnáisiúnta a chur ar aghaidh – lena n-áirítear na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe – go háirithe sna háiteanna sin is mó atá ar chúl. Tacaíonn Éire le **Comhghuailíocht na hAfraice agus na hEorpa le haghaidh Infheistíocht agus Poist Inbhuanaithe** freisin.

Oibreimid le Ballstáit eile chun comhphlé polaitiúil atá níos éifeachtaí ná mar a bhí a éascú idir an tAontas Eorpach agus an Afraic, agus ár leasanna comharsanachta roinnte agus ár dtiomantas don iltaobhachas á n-aithint againn. Tiocfaidh ionstraimí comhair forbartha an Aontais Eorpaigh chun cinn sna blianta amach romhainn. Faoi chuimsiú an mhéid sin, troidfidimid ar son béim a leagan ar an mbochtaineacht a laghdú, ar stáit leochaileacha agus orthu siúd atá ar chúl gach stáit eile. Ar leibhéal tíre, neartóimid an comhordú leis an gCoimisiún Eorpach, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis na Ballstáit, i dtaca le hanailís, le gníomhaíocht beartas agus le hidirghabhálacha, lena n-áirítear clársceidealú comhpháirteach más ábhartha.

Dúirt rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh gur fearr, mar thír bheag, is féidir an **tslándáil** a bhaint amach tríd an gcomhar le daoine eile. Thug Éire tacaíocht láidir riamh d'fhorbairt chumas an Aontais Eorpaigh freagairt do ghéarchéimeanna idirnáisiúnta mar thaca leis na Náisiúin Aontaithe. Tá réimse ionstraimí ar fáil don Aontas Eorpach is féidir a chur i bhfeidhm i rith thimthriall na coinbhleachta ó choinbhleachtaí a chosc go géarchéimeanna a bhainistiú, lena n-áirítear an tsíocháin a choimeád agus an tsíocháin a chur i bhfeidhm, go coinbhleachtaí a réiteach agus atógáil.

Sa Straitéis Dhomhanda, saináithnítear príomhdhúshláin slándála atá roimh an Aontas ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin agus cuirtear ord domhanda faoina chúram atá bunaithe ar an dlí náisiúnta agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Sa Straitéis, aithnítear oibleagáid an Aontais, mar ghníomhaí domhanda, rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus an t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta a chosaint. Tá an anailís slándála agus cosanta ar an Straitéis i gcomhréir leis an anailís a leagadh amach in 2015 in *An Páipéar Bán ar Chosaint* agus ghníomhaigh Éire mar nasc idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe chun seasamh an Aontais mar ghníomhaí domhanda a ailíniú ar bhealach feabhsaithe le ceanglais na Náisiúin Aontaithe. Mar shampla, d'eascair **Comhpháirtíocht**

## **Straitéiseach an Aontais agus na Náisiún Aontaithe maidir le hOibríochtaí Síochána agus Bainistiú Géarchéime** as Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas in 2013.

De réir mar a leanann ról an Aontais mar sholáthraí tábhachtach slándála idirnáisiúnta ag teacht chun cinn faoin Straitéis Dhomhanda, leanfaimid de bheith ag tacú le forbairt leanúnach an **Chomhbheartais Slándála agus Cosanta** atá i gcomhréir lenár mbeartas náisiúnta chun neodracht mhíleata a choinneáil mar aon le huathriaíl cinnteoireachta an Aontais i gcomhréir leis na Conarthaí. Tráth seo na héagobhsaíochta geopholaitiúla, ní mór d'Eorpaigh a bheith níos freagraí ná mar a bhí ina gcáil mar sholáthraithe na slándála agus ba cheart dúinn lámh a bheith againn sna hiarrachtaí sin. I dteannta ár gcomhpháirtithe san Aontas, tá bagairtí casta méadaitheacha romhainn, lena n-áirítear cibearbhagairtí, an choireacht eagraithe idirnáisiúnta, an imirce neamhrialáilte agus ionsaithe hibride. Ní mór freagairt chomhordaithe a thabhairt orthu a chuimsíonn comhar lenár gcomhpháirtithe san Aontas agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta léi, lena n-áirítear na Náisiún Aontaithe agus NATO, agus dúbláil neamhriachtanach a sheachaint san am céanna.

Tá Éire ar cheann de na príomh-rannchuiditheoirí le hoibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta a imscaradh faoi shainordú de chuid na Náisiún Aontaithe. Thugamar isteach fórsaí gairmiúla agus idir-inoibritheacha, atá oilte agus ábalta de réir caighdeáin idirnáisiúnta, chun tacú le hoibríochtaí éifeachtacha de chuid an Aontais faoi shainordú na Náisiún Aontaithe. Tacóimid le tionscnaimh de chuid an Aontais chun a áirithiú go mbeidh na cumais riachtanacha ag an Aontas chun tacú le hoibríochtaí bainistithe géarchéime idirnáisiúnta, lena n-áirítear rannpháirtíocht i dtionscail de chuid na **Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint** agus i dtionscnaimh eile de chuid an Aontais amhail an **Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO)**, an **tAthbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint** agus an **Ciste Eorpach Cosanta**.

Beidh ról comhlántach suntasach ag an **gComhshocrú nua maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta Sibhialtach** sa Chomhbheartas trí chumas an Aontais a neartú chun cuidiú le hinstiúidí láidre iontaofa a thógáil mar thaca leis an tsochaí athléimneach, bhríomhar agus dhea-rialaithe a oibríonn i gcomhar leis na saoránaigh agus a fhreastalaíonn orthu. Tá na gníomhaíochtaí sin ceaptha chun oibriú i sineirge le beartais comhair forbartha agus trádála arb é is aidhm dóibh dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus deiseanna eacnamaíocha a chothú. Áiritheoidh Éire go mbeidh naisc institiúideacha láidre ann idir na gnéithe sibhialta agus míleata de chur chuige an Aontais i leith an timthrialla bainistithe géarchéime ó chosc coinbhleachtaí go hathshlánú iar-choinbhleachta.

Ardaíonn Éire a glór faoi **dhí-armáil**, faoi **neamhiomadú** agus **rialú arm** tríd an Aontas. A bhuí le comhchuir chuige Eorpacha i leith gnáthairm a onnmhairiú, a thrádáil agus a rialáil, cuidíodh le leathadh arm aindleathach a chosc agus bunaíodh caighdeáin le haghaidh na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Cé go bhféadfadh sé go gcuirfí feabhas mór ar shaol na saoránach trí fhorbairtí teicniúla, lena n-áirítear an intleacht shaorga, ní féidir le hÉirinn amháin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ceisteanna dlí, rialála agus eiticíúla a

ardaítear mar gheall ar an bhforbairt fhéideartha ar chórais arm uathrialaitheach. Beidh ar an Aontas Eorpach a bheith ar thús cadhnaíochta agus freagairt dhomhanda á tabhairt.

Le **Straitéis an Aontais in aghaidh Leathadh na nArm Ollscriosta** soláthraítear creat comhair, rud a chuidíonn le hÉirinn seasamh le conarthaí agus comhaontuithe dí-armála agus neamhleata iltaobhacha, agus freagairt do dhúshláin dhomhanda, amhail úsáid arm ceimiceach. Cé go saothraíonn Éire beartais saorthrádála agus margaidh oscailte, cuireann sí bearta rialaithe onnmhairí chun feidhme freisin chun leathadh Arm Ollscriosta a chosc, chun tacú leis an gcobhsaíocht réigiúnach agus chun cearta an duine a chosaint.

In Eurobaraiméadar Fhómhair 2018 d'aithin freagróirí Éireannacha an **imirce** mar an cheist is tábhachtaí atá roimh an Aontas Eorpach i láthair na huair. Tá an **imirce neamhrialta** fós ina ceist achtrannach ar an leibhéal Eorpach. Bíodh agus nach ball de Limistéar Schengen muid, bhí ról ag Éirinn ar bhonn saorálach sa mhéid sin agus tacaímid le glaonna comhleanúnacha na Comhairle Eorpaí chun “cur chuige cuimsitheach i leith na himirce” a chur chun feidhme. Mar chuid de sin, ba cheart athchóiriú an **Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn** a chur san áireamh mar aon le hiarrachtaí chun díriú ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta, ar fhilleadh méadaithe imirceach neamhrialta agus ar shlándáil sheachtrach fheabhsaithe. Chuige sin, teastóidh cothromaíocht idir freagracht agus dlúthpháirtíocht na mBallstát agus droim láimhe a thabhairt le freagairtí *ad hoc* agus córas córasach, trédhearcach agus cothrom a chur i bhfeidhm.

Tá an **sceimhlitheoireacht** ina hábhar inní agus tá rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh ag iarraidh go ndéanfadh an tAontas níos mó chun ionsaithe sceimhlitheoireachta a chosc. Tá an dlúthpháirtíocht mar threoir ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus tá réimse tacaíochtaí ar fáil laistigh den Aontas cheana; dlúthobair a dhéanamh le contrapháirtithe slándála agus faisnéise; a áirithiú go mbeidh ár gcóras slándála idir-inoibritheach; dea-chleachtais a roinnt faoi thionchair sheachtracha a mhaolú; agus mionlaigh a lánpháirtíú. Ní mór dul i ngleic le leathadh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne ar an leibhéal Eorpach agus ní mór réitigh infheidhmithe a fháil gan ualach díréireach a chur ar sholáthraithe seirbhísí. Bíodh agus go bhfuil an tslándáil agus an fhrithsceimhlitheoireacht go príomha faoi shainchúram na mBallstát fós, ba cheart an comhordú a spreagadh agus ba cheart go mbeadh sé ina thosaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh freisin.

Fágann an idirnasacht a eascraíonn as an gclaoclú digiteach gur tábhachtaí fós an **chibearshlándáil**. Beidh fíorthábhacht le slándáil bonneagair dhigitigh agus cumarsáide, dá bhrí sin. Chuige sin, beidh gá le raon beart ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear reachtaíocht agus cosaint an phróisis dhaonlathaigh. Ba cheart go mbeadh cearta an duine lárnach san obair sin, ó chosaint sonraí go dtí an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus rochtain ar fhaisnéis, mar aon le cearta inscne agus LADTI+.

Tagann bagairtí cibearshlándála as gníomhaithe stáit agus gníomhaithe nach gníomhaithe stáit iad, agus d'fhéadfadh go mbeadh aidhmeanna polaitiúla nó straitéiseacha acu mar aon le haidhmeanna coiriúla. Measann Éire gur gné ríthábhachtach í an chibearshlándáil de

chomhar neartaithe slándála agus cosanta de chuid an Aontais, ag obair i dteannta eagraíochtaí comhpháirtíochta amhail na Náisiúin Aontaithe, OSCE agus NATO. Ar an dóigh chéanna, is bagairt mhéadaitheach ar ár luachanna agus ar ár gcórais dhaonlathacha choiteanna Eorpacha é leathadh agus tionchar **bréagaisnéise** ar líne arb é is aidhm dó sin an bonn a bhaint d’institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha. Tacaíonn Éire le freagairtí beartais nua de chuid an Aontais agus le níos mó faisnéise agus dea-chleachtais a roinnt, lena n-áirítear cur chun feidhme **Phlean Gníomhaíochta an Aontais chun an Bhréagaisnéis a Chomhrac**.

Ar cheann de na dúshláin atá roimh an Aontas Eorpach tá a áirithiú go n-oireann bearta **ceartais dhigiteach** don ré dhigiteach, agus go n-urramaítear cearta daoine aonair agus go bhfreastalaítear ar riachtanais gnólachtaí. Ní mór dúinn córas cosanta sonraí an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán agus an chumhacht a thabhairt d’údarais maoirseachta náisiúnta agus don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí cearta daoine aonair a chosaint ar dhúshaothrú agus ar mhí-úsáid.

Ina theannta sin, ní mór go mbeadh na cumhachtaí againn chun a áirithiú gur féidir ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas den idirlíon agus ní mór dúinn na hionstraimí dlí le haghaidh comhar breithiúnach agus póilíneachta a athchóiriú chun an teicneolaíocht faisnéise mar atá i ndáiríre a chur san áireamh i gcomhthéacs na ríomhfhianaise, na coinneála sonraí agus réimsí eile. Le bearta ríomhfhaisnéise, mar shampla, ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais údarais an cheartais agus ceisteanna cur chun feidhme do sholáthraithe digiteacha. Is é an dúshlán a bheidh ann a áirithiú go gcuirtear an creat reachtach dian chun feidhme go cuí agus go bhfuil na próisis i dtaca le leorgacht sonraí a athbhreithniú ar leibhéal na hEorpa éifeachtúil agus éifeachtach.

Ina theannta sin, ní mór go mbeadh an caidreamh slándála a bheidh ann amach anseo idir an tAontas agus an **Ríocht Aontaithe** níos doimhne agus níos uailmhianaí ná mar atá le haon tréimh eile. I bhfianaise na gceisteanna a bhaineann le teorainn roinnte, go háirithe, beimid ag iarraidh go mbeidh an comhar is dlúithe agus is féidir ann agus go mbeidh cur chuige pragmatach i leith na slándála ann, lena n-áirítear roinnt sonraí, comhar póilíneachta agus breithiúnach (lena n-áirítear comhar i gceartas sibhialta) agus eiseachadhadh.

## **Aontas inbhuanaithe**

Tá go leor rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh arb é dul i ngleic leis an **athrú aeráide** an rud is tábhachtaí dóibh. Nuair a fiafraíodh díobh cén chaoi ar féidir ár dtírdhreacha tuaithe a phleanáil agus a bhainistiú ar bhealach a fheabhsaíonn cáilíocht ár saoil agus a chosnaíonn an domhan agus ár n-acmhainní nádúrtha, dúirt siad gur mhian leo go mbeadh an tAontas Eorpach ina cheannródaí chun réitigh dhomhanda a fháil. Beidh creat reachtaíochta agus beartais de chuid an Aontais a fhorbairt ríthábhachtach chun uailmhianta na hÉireann i dtaca leis an athrú aeráide a bhaint amach.

Sa Chlár Oibre Straitéiseach nua ní mór forbairt inbhuanaithe a aithint mar phrionsabal bunúsach agus go mbeadh na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil lena

mbaineann idirspiléach, mar a shonraítear sna **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** agus mar a léirítear freisin sa bheartas forbartha idirnáisiúnta nua de chuid na hÉireann, ‘*Domhan Níos Fearr.*’ Chuige sin, beidh gá le haistrithe suntasacha teicneolaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Mar sin féin, mar fhreagairt air sin, beidh ar an Aontas cumarsáid fheabhsaithe a dhéanamh leis na saoránaigh, agus tionchair áitiúla na mbeartas sin á míniú, ionas go mbeidh an tacaíocht phobail ag an Aontas chun iad a chur chun feidhme go rathúil.

Tugtar treochlár domhanda aontaithe sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030 agus ba cheart iad a chomhtháthú de réir a chéile i mbeartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. Chun bheith inbhuanaithe, ní mór go mbeidís cuimsitheach; níor cheart aon duine a fhágáil ar lár iontu agus ba cheart tacú le pobail a gcuireann an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin isteach orthu. Feabhsóidh an t-aistriú ó gheilleagar líneach chuig geilleagar ciorclach éifeachtúlacht agus slándáil acmhainní an Aontais. Leis sin, maolófar an brú ar an timpeallacht nádúrtha, tacófar leis an bhfostaíocht inbhuanaithe agus cuirfear lenár n-iomaíochas.

Dá bhrí sin, ní mór don Aontas tús áite a thabhairt do chur chun feidhme **Phlean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh** agus cuirfidh Éire bearta comhlántacha san áireamh, i ndáil le plaitigh aon úsáide cuir i gcás, a théann thar chomhlíonadh spriocanna an Aontais. Is é an clár **LIFE** ionstraim cistithe an Aontais don chomhshaoil agus do ghníomhaíocht aeráide agus ba cheart go dtacódh sé leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt sna hearnálacha sin, lena n-áirítear an bithgeilleagar ciorclach.

Beidh ríthábhacht le cur chun feidhme iomlán **Phacáiste Aeráide agus Fuinnimh** an Aontais agus ba cheart go gcuirfeadh cistiú leis an iarracht sin trí bheartais earnála ábhartha ar nós an Chomhbheartais Talmhaíochta agus an chláir Fís Eorpach. Tá gá le rialáil láidir freisin, mar shampla maidir le spriocanna astaíochtaí feithiclí, chun tacú leis na Ballstáit a ngealltanais a chomhlíonadh.

Ba cheart don Aontas tacú lena uailmhianaí agus atá an Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi **Phláinéad Glan do Chách – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de.** Leagtar straitéis amach inti i leith chlaohlú fadtéarmach an gheilleagair Eorpaigh, lena n-áirítear trí aistriú atá cothrom go sóisialta a dhéanamh, agus conas is féidir na cuspóirí teochta i **gComhaontú Pháras** a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an tAontas ina cheannródaí lena áirithiú go bhféadtar acmhainneacht Chomhaontú Pháras a bhaint amach, agus na dúshláin shonracha atá roimh thíortha atá i mbéal forbartha a aithint agus iad ag dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm le beartais de chuid an Aontais freisin **fuinneamh** atá inbhuanaithe, slán agus inacmhainne a sholáthar do gach saoránach. Chun na críche sin, ní mór éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú go mór, dreasachtaí feabhsaithe le haghaidh carbón íseal a ghiniúint go costéifeachtach agus infheistíocht a mhealladh le haghaidh acmhainní nua

ar nós stóráil fuinnimh. Ba cheart go mbeadh roghanna breise ag tomhaltóirí agus ní mór tomhaltóirí leochaileacha agus tomhaltóirí bochta ó thaobh fuinnimh de a chosaint.

Aithníonn rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh tábhacht **an Chomhbheartais Talmhaíochta** chun an inbhuanaitheacht agus an fheirmeoireacht éiceabhách a chothú. A bhfuil leis an gComhbheartas Talmhaíochta soláthraítear tacaíocht dhíreach do 125,000 teaghlach feirmeoireachta in Éirinn, rud a rannchuidíonn go mór le hinmharthanacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta phobail tuaithe na hÉireann. Tríd an gComhbheartas Talmhaíochta, is den tábhacht leanúint de thacaíocht a thabhairt do bhia inbhuanaithe a tháirgeadh, ioncam ar an bhfeirm a chosaint trí athléimneacht feirmeoirí a fheabhsú, agus rannchuidiú le spriocanna comhshaoil agus aeráide na hÉireann a leagtar amach i gComhaontú Pháras do 2030.

Áiritheoidimid go mbeidh an earnáil talmhaíochta ina rannchuidiú mór le **cáilíocht uisce** na hÉireann agus le **straitéisí bithéagsúlachta** agus féachfaimid le comhordú feabhsaithe a áirithiú chun ár n-uaimhianta inbhuanaitheachta a bhaint amach agus ár gceanglais rialála a chomhlíonadh. Ina theannta sin, oibreoidimid leis an gCoimisiún Eorpach, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ar thograí reachtacha do **Phlean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta 2021-2027**, agus áiritheoidimid go gcuirfear leas na hÉireann san áireamh.

Cuirfimid leis an **gComhbheartas Iascaigh** reatha chun tionscal mara atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an gheilleagair de a áirithiú, rud a chosnóidh agus a fheabhsóidh creatlach shocheacnamaíoch na bpobal cósta faoin tuath. Tá rún ag an gCoimisiún Eorpach tuairisciú ar fheidhmiú an Chomhbheartais Iascaigh faoi dheireadh 2022 ach beidh tionchar ag toradh na caibidlíochta i dtaobh an Bhreitheachta ar aon athrú féideartha ar an mbeartas reatha. Is é an tosaíocht a bheidh againn an rochtain chómhálartach atá ann cheana ar uiscí agus ar acmhainní a choinneáil. Oibreoidh Éire le páirtithe leasmhara freisin chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach stoc éisc a fheabhsú agus tacaíocht leordhóthanach d'fhorbairt inbhuanaithe na hearnála mara a áirithiú tríd an **gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh**. Tá **Straitéis an Aontais don Atlantach** agus **Clár Oibre Fáis Ghoirm an Aontais** mar thaca le plan mara na hÉireann, *Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin*, agus mar gheall orthu siúd araon cumasaítear an comhshaoil don infheistíocht a chuirfidh borradh faoin ngeilleagar mara.

Tá dlúthnaisc idir ár n-oidhreacht nádúrtha, ár bhfolláine agus rathúnas an Aontais agus táthar á aithint níos mó ná mar a aithníodh roimhe seo go bhfuil ríthábhacht le hinbhuanaitheacht sa **turasóireacht** ó thaobh eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil de.

#### **Aontas atá freagrach ar bhonn sóisialta**

Dúirt rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh go mothaíonn siad gur fearr a chosnaítear a **gcearta sóisialta** san Aontas Eorpach. Bhí an ghné shóisialta ina príomhchuid den tionscal Eorpach riamh, dar tosach gealltanais Chonradh na Róimhe chun dálaí oibre feabhsaithe agus caighdeán maireachtála feabhsaithe d'oibríthe a chur chun cinn.



Tá institiúidí an Aontais Eorpaigh, na Ballstáit, na comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile freagrach go comhphárteach as na prionsabail agus as na cuspóirí a shainítear faoi **Cholún Eorpach** nua **na gCeart Sóisialta**, ag féachaint go cuí do phrionsabal na coimhdeachta agus do phrionsabal na comhréireachta. Leis na prionsabail a dtugtar achoimre orthu sa Cholún Sóisialta, mar aon leis na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe**, beifear in ann oidhreacht an Aontais a chothú agus a chosaint don chéad ghlúin eile.

Beidh gá le cruthú fostaíochta agus le nuálaíocht san ionad oibre, trí infheistíocht mhéadaithe a dhéanamh inár saoránaigh. Beidh go leor de na poist atá ann faoi láthair i mbaol de dheasca an chlaochlaidhe dhigitigh. Beidh gá le hinfeistíocht agus le hathoiliúint agus beidh **cineál athraitheach na hoibre** ina phríomhdhúshlán don fhostaíocht agus don chosaint shóisialta sa Chlár Oibre Straitéiseach nua.

Ní mór do na Ballstáit acmhainní ó **Chiste Sóisialta na hEorpa** a dhíriú ar na dúshláin a aithnítear sa **Seimeastar Eorpach**. Go háirithe, cuirfidh Éire rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus cothromaíocht fheabhsaithe oibre agus saoil chun cinn; feabhsóidh sí rochtain ar fhostaíocht do gach cuardaitheoir post, lena n-áirítear na grúpaí neamhghníomhacha, tearcionadaithe agus daoine faoi mhíchumas; agus cuirfidh sí lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta chun cinn agus rachaidh sí i ngleic le díth ábhartha, lena n-áirítear an t-eisiamh tithíochta.

Tá Éire réidh chun na gealltanais a leagtar amach i Straitéis Óige nua an Aontais a chomhlíonadh faoi **Theagmháil a dhéanamh le Daoine Óga, Iad a Thabhairt le Chéile agus Cumhacht a Thabhairt Dóibh**. Leagtar prionsabail amach sa Straitéis lena áirithiú go mbeidh daoine óga ina gcuid den chinnteoireacht leis an Aontas. Beidh an Comhphlé Eorpach um an Óige mar chuid lárnach den Straitéis agus ní mór é a fheabhsú. Cuirfimid an comhar trasearnála chun cinn agus comhlíonfaimid ár ngealltanais ar leibhéal náisiúnta trí bheartais a chur chun feidhme amhail *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile 2014-2020, An Straitéis Náisiúnta Óige 2015-2020* agus an chéad straitéis dá sórt ar domhan *LGBTI+ Straitéis Óige Náisiúnta*, a seoladh i mí an Mheithimh 2018.

Aithnítear go bhfuil ríthábhacht le **Luathfhoghlaim agus Cúram** d'fhorbairt leanaí agus chun iad a ullmhú don todhchaí. Cuirtear béim ar thábhacht Luathfhoghlama agus Cúraim d'ardchaighdeán i **gCreat Cáilíochta an Aontas** agus tacaíonn Éire go hiomlán leis sin. Maidir le *An Chéad 5*, straitéis deich mbliana uile-Rialtais do leanaí, do pháistí óga agus dá dteaghlaigh, a seoladh anuraidh, bhí Creat Cáilíochta an Aontais do Luathfhoghlaim agus Cúram mar bhonn agus mar thaca léi, mar aon le forbairtí leathana de chuid an Aontais. Bíodh agus gur straitéis leathan é *An Chéad 5*, díritear ar luathfhoghlaim agus cúram inti agus áirítear gealltanais faoi thacaíochtaí tuismitheoireachta agus faoi chothromaíocht oibre agus saoil inti, in oirchill **Treorach Cothromaíochta Oibre agus Saoil** ar leibhéal an Aontais. Bhí an Moladh ón gCoimisiún Eorpach in 2013 “**Infheistíocht ar Mhaithe le Páistí: Deireadh a Chur le Timthriall an Mhíbhuntáiste**” ina rannchuidiú le *An Chéad 5* a fhorbairt.

Faoi Chonarthaí an Aontais, tá an **cúram sláinte** ina inniúlacht de chuid na mBallstát go príomha, agus ní an tAontas, ach amháin i gcásanna sonracha. Fágann sin go mbíonn na saoránaigh chomh páirteach agus is féidir sa chinnteoireacht.

Ós rud é go mbíonn roinnt saoránach de chuid an Aontais ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag obair i mBallstát eile, is éacht nithiúil de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhar trasteorann i réimse an chúraim sláinte, rud a léirítear leis an **gCárta Eorpach um Árachas Sláinte**, agus soláthraítear seirbhísí go héasca nuair is gá agus i gcás inar gá dá bharr sin. Tá malartuithe ar leibhéal na saineolaithe á moladh ag an gCoimisiún Eorpach idir na Ballstáit i dtaca leis an taithí atá acu ar an réimse digiteach, agus é mar sprioc aige sin réimsí idir-inoibritheachta a fhorbairt ar fud na gcóras (ar nós taifid sláinte phearsanta agus **ríomh-Oideasú**) agus cistí de chuid an Aontais a ghíaráil. Cuireann na tionscnaimh sin feabhas ar thaithí an othair.

Comhlánaíonn an tAontas Eorpach beartais náisiúnta trí chaighdeáin arda cháilíochta agus sábháilteachta a shocrú do chógais agus d'fheistí leighis chun tomhaltóirí a chosaint ar tháirgí fochaighdeánacha nó falsaithe. De bharr gur bunaíodh, mar shampla, an **Lárionaid Eorpaigh um Chosc agus Rialú Galar** (ECDC), feictear torthaí níos fearr ná mar a d'fhéadfaí a bhaint amach mar ghníomhaí aonair. Nuair nach féidir le Ballstát gníomhaíocht a dhéanamh go leordhóthanach de dheasca scála nó chineál trasnáisiúnta na gníomhaíochta, cuirtear fíorluach leis an méid sin trí chur chuige comhordaithe a úsáid ar leibhéal an Aontais. Tá ciall le comhordú saorálach agus le líonraí tagartha a bheith ar fud na hEorpa do Bhallstáit ar nós na hÉireann a bhfuil daonra beag iontu.

Teachtairacht uileghabhálach ón gComhphlé leis na Saoránaigh ab ea an glao ar **chothroime idirghlúine**. Tá aistriú déimeagrafach ar siúl in Éirinn anois i dtreo daonra atá ag dul in aois. Tá sé mar aidhm ag *Sláintecare* seirbhísí cúram sláinte feabhsaithe a sholáthar a fhreastalóidh ar éilimh daonra atá ag dul in aois agus, i ndáil leis sin, rachaidh malartuithe eolais leis na Ballstáit eile chun leasa dúinn.

### **Aontas atá ullamh don todhchaí**

Beidh **Fís Eorpach** (mar an comharba ar Fhís 2020 agus mar phríomháisitheoir rathúnas agus iomaíochas an Aontais) ina taca le **Limistéar Taighde Eorpach** a chur i gcrích, limistéar aontaithe ina ngluaiseann taighdeoirí, nuálaithe, eolas eolaíochta agus teicneolaíocht faoi shaoirse. Tá Éire tiomanta do **bharr feabhais sa taighde** ós rud é go rannchuidíonn infheistíocht mharthanach sa taighde agus sa nuálaíocht leis an iomaíochas a fheabhsú, leis an gcomhshaol a chosaint agus leis an inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Ba cheart go gcuirfeadh cruthú **Comhairle Nuálaíochta Eorpaí** borradh faoi chuideachtaí nuálacha, go háirithe Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, agus cuidiú le dul i ngleic le dúshláin don tsochaí san Aontas.

Mheas rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh go raibh **an t-oideachas** ríthábhachtach agus dúirt siad go raibh deiseanna fiúntacha uathu d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Tacaíonn Éire le **Limistéar Eorpach Oideachais** a chruthú. As seo go ceann cúig bliana teastaíonn uainn go gcuirfear chun feidhme tionscnaimh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí, le foghlaim luath-óige agus leis an tionscnamh nua, Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha. Beidh gá le comharba ar an gCreat reatha Oideachas agus Oiliúna 2020 freisin.

Neartóidh **Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha** comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar fud an Aontais Eorpaigh idir institiúidí ardoideachais agus spreagfaidh sé teacht chun cinn líonra ollscoileanna Eorpacha faoi 2024. Tá Éire ar cheann na n-iarrachtaí chun Moladh ón gComhairle a thabhairt chun tosaigh maidir le hollscoileanna Eorpacha ina leagfar amach creat beartais soiléir agus cuspóirí don tionscnamh seo.

A bhuí leis an gclár **Erasmus+**, tugtar deis do na milliúin Eorpach óg staidéar a dhéanamh, oiliúint a fháil agus foghlaim ar an gcoigríoch, agus an fheasacht atá acu ar an Eoraip á leathnú acu san am céanna. Mhol an Coimisiún Eorpach cistiú don chlár a dhúbailt chuig EUR 30 billiún i rith Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Tá cistiú ó Erasmus+ ar fáil faoi láthair d'oideachas foirmiúil, neamhfoirmiúil agus seachfoirmiúil, lena n-áirítear scoileanna, eagraíochtaí óige, grúpaí oideachais daoine fásta, eagraíochtaí gairmoiliúna agus institiúidí ardoideachais. I gcaitheamh ré an Chláir Oibre Straitéisigh nua, ba cheart go mbeadh sé mar chuspóirí aige: líon na dtairbhíthe a mhéadú; freastal ar dhaoine ó gach cúlra sóisialta; caidrimh níos láidre a dhéanamh leis an gcuid eile den domhan; díriú ar réimsí staidéir ceannródaíocha; agus féiniúlacht Eorpach a chothú.

Tá Éire tiomanta d'oibriú le comhlachtaí spóirt an Aontais agus na mBallstát chun an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an **spórt** a uasmhéadú agus tá sí tiomanta do chur chuige comhoibríoch a ghlacadh trí Chaibidil Spóirt Erasmus+ agus trí chomhionannas inscne sa spórt.

Freagróidh an **Straitéis** nua le **haghaidh Teangacha Eachtracha san Oideachas**, ar a dtugtar *Déanann Teangacha Nasc*, do ghlaonna ó rannpháirtithe sna Comhphléití leis na Saoránaigh ar fhoghlaim bhreise teangacha eachtracha.

Aithníonn Éire an tábhacht a bhaineann le **státseirbhís Eorpach ghairmiúil** a bheith aici ar fud institiúidí uile an Aontais atá inniúil ar dhéileáil le dúshláin na todhcháí, agus a léiríonn éagsúlacht na saoránach a bhfreastalaíonn sí orthu. Tá earcú oifigeach de chuid an Aontais ar an mbonn geografach is leithne agus is féidir as measc náisiúnaigh de chuid na mBallstát, lena n-áirítear Éire, lánach i ndlisteanacht agus feidhmiúlacht institiúidí an Aontais. Oibreoidh an Rialtas le tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu agus le hinstitiúidí an Aontais chun earcaíocht leordhóthanach a áirithiú sa todhcháí.